




# An Páipéar Díospóireachta ar Chreat Rialála do Rollú Scoile

Comhdháil Bhliantúil  
GAELSCOILEANNA TEO.  
25 & 26 Samhain 2011  
Óstán Tullamore Court



# Céard atá á phlé?



- An bhfuil gá le rialacháin oifigiúla i dtaca le polasaithe iontrála scoile?
- Má tá, cén cineál rialacháin?
  - An tréimhse ama in ar féidir le tuismitheoirí iarratas a dhéanamh ar áit i scoil.
  - Na rudaí gur gá nó gur féidir a chur i bpolasaí iontrála scoile.
  - Na critéir roghnúcháin, sa chás nach bhfuil spás sa scoil do gach iarrthóir.
  - An cineál eolas gur gá do scoileanna a chur ar fáil do thuismitheoirí.
  - An próiseas iarratais.
  - An próiseas chun iarratais a mheas.
  - An próiseas achomhairc.



# An Staid Reatha



- Glacann 80% de na scoileanna le gach leanbh a dhéanann iarratas ar áit sa scoil.
- I gcás an 20% eile de na scoileanna tugtar tús áite do leanaí áirithe, bunaithe ar chritéir éagsúla, m.sh.:
  - Leanaí le deirfiúracha/deartháireacha sa scoil cheana.
  - Leanaí ar fhreastail a dtuismitheoirí ar an scoil.
  - Leanaí le baill foirne.
  - Leanaí ó bhunscoileanna faoi leith sa cheantar.
  - Cúlra eaglasta na leanaí.
  - An dáta ar ar déanadh an t-iarratas.



# Reáchtáíocht Ábharthach



Alt 6, An tAcht Oideachais 1998

6. —Gach duine a mbeidh baint aige nó aici leis an Acht seo a chur i ngníomh, beidh aird aige nó aici ar na cuspóirí seo a leanas ar dá mbun a d'achtaigh an tOireachtas an tAcht seo:

*(e) an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí a chur chun cinn, ag féachaint do chearta pátrún agus d'úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní,*



# Reáchtáíocht Ábharthach



## Alt 9, An tAcht Oideachais 1998

9. —Cuirfidh scoil aitheanta oideachas ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, úsáidfidh sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di—

(h) i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail,

(m) faoi réir an Achta seo agus go háirithe alt 15 (2)(d), chun *beartas i dtaca le ligean isteach a bhunú agus a chothabháil lena bhforálfar don inrochtaineacht is mó is féidir ar an scoil.*




## Alt 15, An tAcht Oideachais 1998

15. —(1) Is é dualgas boird an scoil a bhainistiú *thar ceann an phátrúin* agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith.


(2) Comhlíonfaidh bord na feidhmeanna a thugtar dó agus do scoil leis an Acht seo agus, le linn do bhord a fheidhmeanna a chomhall—

(b) *déanfaidh sé spiorad saineúil na scoile*, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, *teangeolaíoch* agus *spioradálta* is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, *a chosaint* agus beidh sé cuntasach don phátrún a's iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraime arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraime eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile,

(d) *foilseoidh sé*, i cibé modh is dóigh leis an mbord, le comhaontú an phátrúin, a bheith cuí, *beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil*, lena n-áirítear beartas na scoile i ndáil le mic léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, *go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí* agus go gcomhlíonfar cibé ordacháin a dhéanfaidh an tAire ó am go ham, ag féachaint *do spiorad saineúil na scoile* agus do chearta bunreachtúla gach duine lena mbaineann,




# Reáchtáíocht Ábharthach



- Alt 29 - An tAcht Oideachais, 1998: Cearta Achomhairc
- An tAcht Oideachas (Leas) 2000
- Na hAchtanna um Stádais Comhionann (2000 - 2004)
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta Acu (2004)



# An Próiseas Achomhairc




- 2010 - 295 Achomharc déanta
- Is próiseas deacair é do thuismitheoirí.
- Cruthaíonn sé go leor oibre do scoileanna, do na Coistí Gairm Oideachais agus don Roinn Oideachais.
- Níl go leor do na thuismitheoirí ar an eolas faoina gcearta achomhairc (go háirithe thuismitheoirí atá bogtha go hÉirinn le deireanaí).
- Níl sé ábalta déileáil le cásanna ina gcuirtear 'comhairle' neamhfhoirmeálta ar thuismitheoirí a leanaí a chur chuig scoil eile sa cheantar.
- *Diúltaítear 60% de na hiarratais achomhairc.*





# Cúspóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin nua



- Sárchleachtais agus leanúnachas a spreagadh.
- Prionsabal na "coimhdeachta" a fheidhmiú lena ndéanfaidh an Bord agus an pátrún cinntí a mhéid agus is féidir.
- Go mbeadh na rialacháin ag plé leis na gnéithe de pholasaithe iontrála a bhfuil feidhm acu ag an leibhéal náisiúnta agus leo sin amháin.
- Muinín a chothú i measc tuismitheoirí maidir le cothromaíocht na bpolasaithe agus na bpróiseas iontrála trí riachtanais choitianta áirithe a leagan síos.
- Socrú a dhéanamh chun gur féidir éileamh ar scoil soláthar a dhéanamh do leanbh nach gcuirtear áit ar fáil dó/di in aon scoil.
- ***Is cóir idirdhealú a dhéanamh idir é seo agus aon idirghabháil a dhéantar sa chás nach mbíonn rochtain ag an mac léinn ar an rogha scoil is fearr leis/léi***



# Cúspóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin nua




## *Comhoibriú Idir-Scoile:*

- Cumhacht a thabhairt don Aire ordú a thabhairt do dhá scoil nó níos mó, próiseas iontrála chomónta a chur i bhfeidhm, sa chás.
  - Gurb é leas dhaltaí an cheantair é.
  - Go mbunaítear scoil nua i gceantar.
  - Go n-athraíonn pátrún na scoile.



# Cúspóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin nua



## Smachtbhannaí:


### Faoi láthair:

- Is féidir leis an Aire iarraidh ar an bpátrún an Bord Bainistíochta a scor.

### Molta:

- Go bhféadfadh an tAire an cúram maidir leis an bpróiseas iontrála a thógáil ón mBord Bainistíochta agus é a chur mar chúram ar 'Oifigeach Iontrála' neamspleách.






# Cúspóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin nua

## Dréachtadh & Foilsiú an pholasaí iontrála

- É a bheith le dréachtadh i gcomhairle le pobal na scoile: leis an bpátrún, le tuismitheoirí agus leis an bhfoireann.
- An polasaí a bheith ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach.
- É a bheith ar fáil d'aon duine a lorgaíonn é.



# Cúspóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin nua



## Sainspiorad na Scoile

- Caithfidh an polasaí iontrála a rá céard é sainspiorad na scoile (más ann dó).
- Áit sa scoil coinníollach ar thuismitheoirí a bheith sásta *meas* a léiriú ar *ethos* na scoile (seachas *tacú* le hethos na scoile).



# Cúspóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin nua

## Táillí

- Ní cheadófaí táille a éileamh, i bhfoirm éarlais ná eile, mar chuid den phróiseas iontrála.





## Critéir Thosaíochta:

An dearcadh a léirítear sa Phlépháipéar ar na critéir atá in úsáid go forleathan faoi láthair:

- **Aois** - gur chóir tús áite a thabhairt do na leanaí is sine ar an liosta iarratasóirí.
- **An dáta iarratais** - cuireann sé daoine a bhogann go dtí ceantar nua faoi mhíbhuntáiste.
- **Deirfiúracha agus Deartháireacha** - déanann sé seo ciall.
- **Gaolta le baill foirne, iardhaltaí, baill an bhoird bainistíochta &rl.** - míbhuntáistiúil do dhaoine a bhogann go dtí an ceantar.
- **Reiligiún** - Ní bheidh aon athrú.
- **Achar ón scoil, abhantrach na scoile, agus bunscoileanna cothabhála:** gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe stairiúla, i gcásanna áirithe.
- **Polasaí teanga** - Go mbeadh tuismitheoirí sásta meas a léiriú do 'pholasaí' teanga na scoile (seachas go dtacódh siad leis).
- **Cumas na n-iarrthóirí** - ní ceadmhach é a thabhairt san áireamh.
- **Laethanta oscailte/agallaimh** - ní féidir freastal orthu a bheith 'riachtanach' chun áit a fháil sa scoil.
- **Roghnú Randamach** - Maoirsiú neamhspleách agus cead ag na tuismitheoirí atá i gceist a bheith i láthair.






## Critéir iontrála i dtaca le polasaí teanga na scoile

- Tugann roinnt scoileanna tosaíocht do dhaltáí a dtugann a dtuismitheoirí dearbhú *go dtacaíonn siad* le beartas teanga na scoile nó ar bhonn *inniúlachta na dtuismitheoirí i dteanga áirithe*. Is léir gur míbhuntáiste d'iarratasóirí é feidhmiú an chritéir seo agus go ndiúltaíonn sé rochtain dóibh sa chás nach bhfuil an inniúlacht teanga ag na tuismitheoirí. D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh freisin gur cur chuige níos cothromaithe a bheadh ann *ceanglas a chur ar thuismitheoirí meas a léiriú* ar an mbeartas teanga seachas ceanglas a chur orthu dearbhú a thabhairt go dtacaíonn siad leis. Tá sin tábhachtach ach go háirithe sa chás gurb í an scoil atá i gceist *an t-aon scoil a bhíonn ar fáil don leanbh*. Tríd is tríd, meastar *nár chóir go mbeadh an cead ag scoileanna tosaíocht a thabhairt do dhaltáí a dtugann a dtuismitheoirí dearbhú go dtacaíonn siad le beartas teanga na scoile nó ar bhonn inniúlachta na dtuismitheoirí i dteanga faoi leith agus dá bharr sin gur chóir cosc a chur ar fheidhmiú an chritéir sin sna rialacháin.*





# Cúspóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin nua




## Feidhmiú an Phróisis Iontrála

- Oscailt an phróisis iontrála - 1ú Deireadh Fómhair na bliana roimhe.
- Socruithe soiléire maidir le:
  - Conas eolas a fháil faoin bpolasaí iontrála.
  - Conas foirm iarratais a fháil.
  - An dáta is luaithe agus is deireanaí chun iarratas a dhéanamh.
  - Cén t-eolas is féidir a lorg ar an bhfoirm iarratais.
  - Leagan amach an fhoirm iarratais.
  - Riachtanach foirm iarratais a chur ar fáil do gach tuismitheoir a dhéanann fiosrúchán.
  - Eolas eile gur gá a chur ar fáil do thuismitheoirí - líon áiteanna sa scoil, líon iarratais a bhfuiltear ag súil leis, criteir thosaíochta &rl.



# Cúspóirí a d'fhéadfadh a bheith ag na Rialacháin nua



## An Próiseas Achomhairc

- Laghdú ar líon na n-achomharc trí fheidhmiú éifeachtach an phróisis iontrála.
- Caithfear an chúis nach bhfuil áit le tairiscint a chur in iúl i scríbhinn.
- Caithfear an t-achomharc a chur go dtí an Bord Bainistíochta ar an gcéad dul síos.
- Ní bheadh cead dul thar bhreith an bhoird bainistíochta, ach amháin i gcásanna nach raibh áit faighte in aon scoil sa cheantar ag iarrthóir.



# Ceisteanna do Scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



- An bhfuil 'ráiteas sainspioraid' ag do scoil? Céard é?
- An féidir a rá, i ngach cás, go bhfuil scoil ag cur oideachas ar fáil do leanaí ar 'oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais' má tá an t-oideachas sin á chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do leanaí atá ar bheagán nó gan aon Ghaeilge?
- Céard é an difir idir 'meas' a léiriú do shainspiorad na scoile agus 'tacú' le sainspiorad na scoile?
- An bhfuil aon chearta ag an bpobal 'stairiúil' i gceantar?
- An bhféadfadh scoileanna comhoibriú sa phróiseas iontrála agus go dtabharfadh scoileanna áirithe tús áite do leanaí le Gaeilge agus go dtabharfadh scoileanna eile sa cheantar tús áite do leanaí gan Gaeilge?
- Mura bhfuil '**rochtain ag an mac léinn ar an rogha scoil is fearr leis/léi**' cé chomh fada ón scoil agus atá sé réasúnta iarraidh ar dhalta taisteal chun freastal ar scoil eile? Agus an cóir é sin a mheas de réir mílte nó am taistil?





Go raibh maith agaibh!

